**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028**

**Aighneacht na nOifigeach Pleanála Teanga**

Tugann Acht na Gaeltachta (2012) feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga Gaeltachta. Faoin bpróiseas seo beidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta. To 10 gcinn de na LPT sin i nGaillimh:

- Oileáin Árann
- Ceantar na nOileán
- An Cheathrú Rua
- Conamara Láir
- Dúiche Sheoigheach (in aon LPT amháin le Tuar Mhic Éadaigh i gCo. Mhaigh Eo)
- Cois Fharraige
- Maigh Cuilinn
- Bearna agus Cnoc na Cathrach
- Oirthear Chathair na Gaillimhe
- An tEachréidh

Aithnítear san Acht go mbeidh Údarás na Gaeltachta freagrach as Ceanneagraíochtaí a roghnú chun Plean Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sna LPT Gaeltachta (Cuid 2, Alt 6). Cuirfear an Plean Teanga faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ina dhiaidh sin le faomhadh agus beidh seacht mbliana ag an gCeanneagraíocht leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm san LPT ansin. Fostófar Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) i ngach LPT leis an bPlean a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt leis an gCeanneagraíocht, leis an gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga agus leis an bpobal féin. Ó foilsíodh Plean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 tá dlús curtha faoin bpróiseas pleanála teanga. Agus an aighneacht seo á scríobh tá Plean Teanga faomhaithe agus OPT fostaithe i 6 cinn de na LPT thuasluaite: Ceantar na nOileán; An Cheathrú Rua; Conamara Láir; Dúiche Sheoigheach; Cois Fharraige; agus Maigh Cuilinn.

Is riachtanas reachtúil ar an gComhairle Contae é i gcúrsaí pleanála an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail. Leagtar amach an dualgas reachtúil seo in Alt 10 de den Acht um Pleanáil agus Forbairt (2000):

(1) I bplean forbartha, leagfar amach straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inchothaithe limistéar an phlean forbartha agus is é a bheidh ann ráiteas i scríbhinn agus plean nó pleananna lena léireofar na cuspóirí forbartha don limistéar a bheidh i gceist.

(2) Gach dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, folóidh plean forbartha cuspóirí maidir leis na nithe seo a leanas […]

(*m*) oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gealtachta i limistéar an phlean forbartha.

Tá an oiread tábhacht ag baint leis seo mar dhualgas reachtúil gur féidir cead a dhiultú chun oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint gan chúiteamh a íoc leis an iarratasóir. Foráiltear mar seo a leanas leis an gceathrú sceideal den Acht, mír 14, *Cúiseanna le cead a dhiúltú nach mbeidh cúiteamh iníoctha ina leith*:

14. Go ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe dochar d'oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta.

Ina theannta sin is féidir leis an údarás pleanála coinníollacha a fhorchur chun oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint gan cúiteamh a íoc leis an iarratasóir. Foráiltear mar seo a leanas leis an gcúigiú sceideal den Acht, mír 8, *Coinníollacha is féidir a fhorchur, gan cúiteamh a íoc, ar dheonú ceada chun talamh a fhorbairt*:

8. Aon fhoráil a bhaineann le hoidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint.

Cuimhnítear go dtéann an dualgas reachtúil chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail níos faide ná dualgas chun díreach í a chosaint nó chun an dochar a dhéanfaí di a mhaolú.

De réir Alt 28 de na hAchtanna Pleanála is féidir leis an Aire Comhshaoil treoirlínte a eisiúint chuig údaráis phleanála maidir le haon cheann dá bhfeidhmeanna i ndáil le cúrsaí pleanála. Is féidir le treoirlínte dá leithéid riachtanais bheartais phleanála a bheith iontú nach foláir do na húdaráis phleanála, do na tionóil réigiúnacha agus don Bhord Pleanála géilleadh dóibh .i. cuspóirí sainordaitheacha. Tá roinnt treoirlínte glactha ag an Aire. Glacadh le Treoirlínte Pleanála Uimhir 15 chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus iad ag ullmhú a gcuid pleananna forbartha. Molann Uimhir 15 na cuspóirí sainordaitheacha seo a leanas a bheith san áireamh sa phlean forbartha ó thaobh na Gaeltachta de:

(i) Go mbeadh tionchar dearfach ag an bhforbairt i gceist ar oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta agus gur féidir cur in aghaidh cineálacha áirithe forbaartha agus forbairtí de mhéadanna áirithe dá reir;

(ii) go riarfaí i gcomhair riachtanais an phobail i ndáil le húsáid talún ar mhaithe le tithíocht, le poist, le háiseanna áineasa agus áiseanna poiblí agus ar mhaithe le straitéis ar leith tithíochta chun freastal ar mhuintir na Gaeltachta;

(iii) go gcuirfí turasóireacht teanga agus chultúrtha chun cinn go láidir; agus

(iv) go gcuirfí úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó agus poiblí chun cinn.

Leagtar tuilleadh de na bearta seo amach in Iarscríbhinn C de na Treoirlínte sin agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le meascán maith a bheith sa phobal Gaeltachta ó thaobh aoise de agus go gcuirfí in aghaidh méadú mór béarlóirí ón taobh amuigh. Moltar chomh maith forbairt thráchtála agus chultúrtha na Gaeltachta mar Ghaeltacht le béim ar thionscail atá bunaithe ar an teanga agus leagtar béim ar mhúineadh na teanga féin. Is treoirlínte ceangailteacha iad seo.

Baineann tábhacht ar leith le polasaithe forbartha agus tithíochta a chinntíonn nach mbeidh drochthionchar teanga ag forbairtí ar phobal teanga na Gaeltachta. De réir an Phlean Forbartha tá Ráiteas Tionchar Teanga riachtanach i gcás tograí tithíochta de dhá theach nó níos mó a bheadh lonnaithe i gceantar Gaeltachta agus tá Clásal Feidhme Teanga 'a mhaireann ar feadh tréimhse 15 bliana infheidhme d'fhorbairtí ceadaithe ina mbeidh dhá aonad nó níos mó i gceist' (Cuspóir UHO12, lch.55). Tá forbairtí il-ionad chónaitheacha, le dhá aonad nó níos mó faoi réir cheanglais áitíochta agus teanga na Comhairle freisin (Cuspóir UHO13, lch.55). Déantar tagairt i gCuspóir RHO4(b) do chainteoirí Gaeilge ar mhian leo a bpríomhtheach cónaithe a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht agus deirtear go gcuirfear Clásal Feidhme Tanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 15 bliain i gcás forbairtí a bheith ceadaithe sa chatagóir sin (lch. 63).

I gCuspóir GL10 sa Phlean Gaeltachta deirtear go gcuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm i gcás 80% ar a laghad d'aonaid i bhforbairtí cónaithe i gCois Fharraige, nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, pé acu is mó (lch. 11). I gCuspóir DO2 deirtear go mbeidh an Clásal Feidhme Teanga céanna i bhfeidhm ar an gCeathrú Rua agus ar an Spidéal. Is 20% d'aonaid atá luaite i gcás forbairtí i mBaile Chláir na Gaillimhe (lch. 26).

Aithnítear i bPlean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 go bhfuil 'brú ollmhór ar an bpobal teanga [sa Ghaeltacht] ar go leor fáthanna, ceann acu ná an brú de bharr daoine gan aon Ghaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, chomh maith le tionchair sheachtracha eile agus easpa seirbhísí ina dteanga féin don phobal' (Mír 10.4). I measc na bpolasaithe agus na gcuspóirí ginearálta a leagtar amach sa phlean i dtaca le ceist na Gaeltachta agus na Gaeilge tá: 'Tábhacht gheilleagrach, shóisialta agus chultúir na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud an chontae a aithint' (Polasaí G3, Mír 10.5); 'Tacú le agus feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (nó aon leagan a thagann ina áit

nó atá nuashonraithe)' (Polasaí G4, Mír 10.5); agus 'oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail' (Cuspóir G1, Mír 10.5).

Leagtar amach cuspóirí Gaeltachta sa bhreis i bPlean Gaeltachta an Chontae 2015-2021. Ina measc tá Cúspóir GL1: 'Beidh sé ina chuspóir ag an gComhairle oidhreacht teangeolaíochta agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail' (Mír 1.8, lch.11). Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gaeltachta trí chéile 'creat a bhunú le haghaidh forbairt bheartaithe, chomhordaithe agus inbhuanaithe an cheantair Ghaeltachta' (Mír 1.1, lch. 3).

Thairis sin, i bPáipéar Saincheisteanna Phlean Forbartha na Gaillimhe 2022-2028 luaitear 'go mbeidh caibidil a bhaineann go sonrach leis an nGaeltacht sa phlean' (lch. 27) agus maítear go mba cheart an Ghaeltacht 'a chaomhnú agus an teanga a chur chin cinn inti' (ibid.). Leagtar amach na príomcheisteanna seo a leanas i dtaca le Gaeltachtaí na Gaillimhe:

- Conas is féidir linn ár n-acmhainní cultúrtha a bhainistiú lena chinntiú go mbeidh geilleagar agus pobail na Gaeltachta faoi bhláth agus go mbeidh siad inbhuanaithe?
- Conas a cheapann tú [gur] féidir leas a bhaint as an bPlean chun tacú le limistéar na Gaeltachta?

Caithfear cinntiú go dtabharfar aghaidh ar na príomhcheisteanna sin, go dtógfar ar na haidhmeanna agus na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Forbartha an Chontae 2015-2021 agus i bPlean Gaeltachta an Chontae, agus go gcomhlíonfar dualgais reachtúla na Comhairle i dtaca le caomhnú, cosaint agus cur chun cinn na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá bearta ar leith i bpleananna teanga na LPT a bhaineann go dlúth leis an gComhairle Contae agus le Pleananna Forbartha agus Gaeltachta an Chontae (féach, mar shampla, Beart 9.13.1. agus 9.13.2. de Phlean Teanga Chonamara Láir; Beart 6.10.1. de Phlean Teanga Cheantar na nOileán; Beart 8.1. agus 9.2. i bPlean Teanga Dhúiche Sheoigheach). Chuige sin, is mian le OPT na Gaillimhe an aighneacht seo a leagan faoi bhráid na Comhairle agus na moltaí seo a leanas a dhéanamh:

1. Molaimid go mba cheart aitheantas sainiúil a thabhairt don phróiseas pleanála teanga agus do na OPT atá ag feidhmiú i nGaeltachtaí na Gaillimhe i bPlean Forbartha 2022-2028. Molaimid geallúint a thabhairt go rachfar i gcomhairle leis na OPT agus na Ceanneagraíochtaí, a bhfuil saineolas acu i dtaca le cúrsaí teanga ag leibhéal an phobail, agus spriocanna ó thaobh na Gaeltachta agus na Gaeilge á leagan amach ag an gComhairle. Le cinntiú go mbainfear an leas is mó as an bplean ní mór na spriocanna seo a phlé agus a aontú leis na OPT agus comhoibriú a dhéanamh leo ina leith.

2. Tá bearta áirithe i bpleananna teanga sna LPT i dtaca le cúrsaí comharthaíochta ag brath go hiomlán ar chomhoibriú na Comhairle Contae (féach, mar shampla, Beart 6.12.1. i bPlean Teanga Cheantar na nOileán; Beart 9.3. i bPlean Teanga Dhúiche Sheoigheach). Molaimid plean oibre a aontú agus a chur i bhfeidhm leis na OPT le cinntiú go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad in LPT na Gaillimhe. Ní mór tabhairt le fios chomh maith ar an gcomharthaíocht gur ceantair Ghaeltachta atá i gceist. Ní mór a lua go bhfuil dualgas reachtúil go mbeadh leaganacha Gaeilge amháin de logainmneacha Gaeltachta in úsáid ar chomharthaí bóthair faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 33, fo-alt 2c).
3. Maidir le Ráitis Tionchar Teanga, molaimid go mbeidh sé luaite go sonrach i bPlean Forbartha 2022-2028 go réiteoidh saineolaí i réimse na sochtheangeolaíochta nó na pleanála teanga an ráiteas. Ní mór go gcruthódh an Ráiteas go rachadh an fhorbairt sin chun leasa na Gaeilge go háitiúil. Molaimid go mbeidh an té a réiteoidh an Ráiteas neamhspleách agus ceapaithe ag an gComhairle Contae seachas a bheith ceapaithe ag an bhforbróir, ar mhaithe le coimhlint leasa a sheachaint.
4. Molaimid go mbeidh Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm mar atá sa Phlean Forbartha 2015-2021.
5. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnú tionchar teanga á dhéanamh, molaimid mar chaighdeán inghlactha inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001).

**Sínithe**

Máire Áine Uí Ailín (OPT Cheantar na nOileán)

Majella Ní Chríocháin (OPT na Ceathrún Rua)

Anne Uí Dhonnacha (OPT Cúnta Chonamara Láir)

Stiofán Seoighe (OPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh)

Katie Ní Loingsigh (OPT Chois Fharraige)

Ándrea Tighe (OPT Mhaigh Cuilinn)

**10 Meán Fómhair 2020**